



Údarás na  
Gaeltachta

**Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntas**  
Annual Report and Accounts

**2019**



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland



# Clár/Contents

<b>An Ghaeltacht</b>	<b>6</b>
The Gaeltacht	
<b>Údarás na Gaeltachta</b>	<b>7</b>
<b>Bord Údarás na Gaeltachta</b>	
The Board .....	8
<b>Struchtúr Bainistíochta</b>	
Management Structure .....	11
<b>Ráiteas an Chathaoirligh</b>	<b>16</b>
Chairperson's Statement	
<b>Athbhreithniú ar 2019: Pleanáil Teanga agus Forbairt Pobail</b>	<b>21</b>
Review of 2019: Enterprise Development	
<b>Forbairt Fiontraíochta</b>	
Enterprise Development .....	23
<b>Athbhreithniú ar 2019: Pleanáil Teanga agus Forbairt Pobail</b>	<b>29</b>
Review of 2019: Language Planning and Community Development	
<b>Gníomhaíochtaí Gaeilge agus Pleanáil Teanga</b>	
Irish Language Activities and Language Planning .....	31
<b>Oideachas agus Oiliúint</b>	
Education and Training.....	33
<b>Forbairt Pobail</b>	
Community Development .....	34
<b>Na hEalaíona</b>	
The Arts .....	36
<b>Eagraíocht agus Seirbhísí</b>	<b>39</b>
Organisation and Services	
<b>Fuinneamh agus Comhshaol</b>	
Energy and Environment .....	45
<b>Ráitis Bhliantúla Airgeadais 2019</b>	<b>48</b>
Annual Financial Statements 2019	

## Tuarascáil Bhliantúil 2019


Don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. De réir Ailt 18 agus 19 den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979, tá an tuarascáil agus na ráitis airgeadais don bhliain 2019 á dtíolacadh ag Údarás na Gaeltachta.

## Annual Report 2019

To the Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media. In accordance with Sections 18 and 19 of the Údarás na Gaeltachta Act, 1979, the report and financial statements for the year 2019 are being presented by Údarás na Gaeltachta.



Údarás na  
Gaeltachta



# Údarás na Gaeltachta




## An Ghaeltacht

Tá ceantair fhairsinge Ghaeltachta i gcontaetha Dhún na nGall, Mhaigh Eo, na Gaillimhe agus Chiarraí agus pobail níos lú i gcontaetha Phort Láirge, Chorcaí agus na Mí. Tá na ceantair Ghaeltachta sainithe ag ordúithe Rialtais agus tá sé aitheanta ag rialtais i ndiaidh a chéile go bhfuil gá le bearta, struchtúir agus maoiniú ar leith chun cothabháil na bpobal seo a chinntiú.

Cuireann an Ghaeltacht deis agus dúshlán ar fáil chun leanúnachas na Gaeilge mar theanga phobail a choinneáil beo go nádúrtha. Cuirtear timpeallacht ar fáil do dhaoine ar mian leo an Gaeilge a bheith ar a dtóil acu agus tá sí mar chuid dhílis agus inspioráideach den sprioc náisiúnta sochaí dhátheangach a bhaint amach in Éirinn.

De réir Dhaonáireamh 2016, ba é daonra iomlán na Gaeltachta ná thart ar 97,000.



## The Gaeltacht

The Gaeltacht covers extensive parts of counties Donegal, Mayo, Galway and Kerry and smaller communities in counties Waterford, Cork and Meath. The Gaeltacht areas are defined by Government orders and every successive government has recognised the need for specific measures, structures and funding to ensure the maintenance of these communities.

The Gaeltacht presents an opportunity and a challenge to maintain naturally the continuity of Irish as a community language. It provides the ideal environment for people who wish to become proficient in Irish and forms an integral and inspirational element of the national objective of achieving a bilingual society in Ireland.

According to the 2016 Census, the total population of the Gaeltacht was approximately 97,000.

## Údarás na Gaeltachta

Bunaithe in 1980 cuireann an Rialtas maoiniú ar fáil d'Údarás na Gaeltachta, údarás forbartha réigiúnaí, chun forbairt theangeolaíoch, chultúrtha, shóisialta, phisiciúil agus gheilleagrach na Gaeltachta a chur chun cinn. Is é neartú agus buanú na Gaeilge mar phríomhtheanga phobail na Gaeltachta, le cois í a thabhairt mar oidhreacht don chéad ghlúin eile, an bunchuspóir atá le polasaí Údarás na Gaeltachta. Déanann an tÚdarás gach iarracht an cuspóir sin a bhaint amach trí fhorbairt fiontraíochta agus tionscnaimh chruthaithe fostáiochta a chothú agus a mhaoiniú, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí straitéiseacha teangabhunaithe, pobail agus cultúrtha.

Faoi Acht na Gaeltachta 2012, tá Údarás na Gaeltachta freagrach go sonrach as cur i bhfeidhm an Phróisis Phleanála Teanga sa Ghaeltacht, rud atá ag croílár chur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliaín don Ghaeilge 2010 - 2030. Sa straitéis sin leagtar béim ar phleanáil chomhtháite teanga ag leibhéal an phobail, agus tá sprioc leagtha síos ann go méadófar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa Ghaeltacht faoi 25%. Tacaíonn an tAcht le ról an Údarás mar phríomh-gheallsealbhóir i bhforbairt réigiúnach na Gaeltachta agus tugann sé bunús reachtúil don Údarás ó thaobh an phróisis phleanála teanga de. Mar chuid den phróiseas seo tá an Ghaeltacht roinnte in 26 Limistéar Pleanála Teanga. Tá an tÚdarás freagrach as eagráiochtaí a roghnú chun pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú sna Limistéar Phleanála Teanga Ghaeltachta.



## Údarás na Gaeltachta

Established in 1980, Údarás na Gaeltachta is the regional development authority funded by the Government to promote the linguistic, cultural, social, physical and economic development of the Gaeltacht. The overall objective of Údarás na Gaeltachta policy is to ensure the strengthening and maintenance of Irish as the main communal language of the Gaeltacht, along with passing it on to the next generation as a legacy. The Authority endeavours to achieve that objective by fostering and funding enterprise development and job creation initiatives and by supporting strategic language, cultural and community-based activities.

Under the Gaeltacht Act 2012, Údarás na Gaeltachta is specifically charged with the implementation of the

Language Planning Process in the Gaeltacht which is central to the implementation of the 20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030. The strategy places an emphasis on integrated language planning at community level and aims to increase the number of daily Irish speakers in the Gaeltacht by 25%. The Gaeltacht Act 2012 endorses the role of Údarás na Gaeltachta as the principal stakeholder in the regional development of the Gaeltacht and provides An tÚdarás with a statutory foundation for the language planning process. As part of this process, the Gaeltacht is divided into 26 Language Planning Areas. An tÚdarás is responsible for selecting organisations to prepare and implement language plans in each Gaeltacht Language Planning Area.

# Bord Údarás na Gaeltachta

## The Board



**Anna Ní Ghallachair**  
An Cathaoirleach/Chairperson



John Shéamuis Ó Fearraigh



Mary Uí Chadhain



Debra Ní Shúilleabhairn



Séamus Breathnach



Seán Mac Congamhna



Séamus Mac Gearailt



Ian Mac Aindriú



Eunan Mac Cuinneagáin



Seosamh Ó Laoi



Siobhán Seoighe



Cathal Seoighe

## Bord an Údaráis

Tá 12 chomhalta, an Cathaoirleach san áireamh, ar Bhord Údarás na Gaeltachta. Ceapann an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus Meán na comhaltaí boird ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana, cúigear díobh ar ainmniúcháin ó údarás áitiúla a bhfuil Gaeltacht ina gceantar feidhme. Tá Bord Údarás na Gaeltachta freagrach as straitéisí agus polasaithe ginearálta Údarás na Gaeltachta. Ceadaonn an Bord infheistíochtaí, scéimeanna tacaíochta, agus ceannachán nó díolachán maoine a dhéanann an eagraíocht ar mhaithe le forbairt fiontraíochta agus cruthú fostaíochta, cur chun cinn na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh, chomh maith le forbairt phobail na Gaeltachta.

### Comhaltaí an Údaráis in 2019:

Bhí 10 gCruinníú Boird san iomlán ann in 2019. Seo a leanas an tinreamh:

#### An Cathaoirleach

Anna Ní Ghallachair	10	(Nóta 1)
---------------------	----	----------

#### Gnáthchomhaltaí

John Shéamuis Ó Fearraigh	10	(Nóta 1)
Mary Uí Chadhain	10	(Nóta 1)
Debra Ní Shúilleabhbháin	5	(Nóta 1)
Séamus Walsh	10	(Nóta 1)
Seán Mac Congamhna	6	(Nóta 1)
Séamus Mac Gearailt	9	(Nóta 1)
Ian Mac Aindriú	9	(Nóta 1)
Eunan Mac Cuinneagáin	10	(Nóta 1)
Seosamh Ó Laoi	10	(Nóta 1)
Siobhán Seoighe	10	(Nóta 1)
Máire Seosaimhín Breathnach	1	(Nóta 2)
Cathal Seoighe	9	(Nóta 3)

**Nóta 1:** I mbun oifige ón 16 Eanáir 2018.

**Nóta 2:** I mbun oifige ón 15 Feabhra 2017 go dtí 14 Feabhra 2019.

**Nóta 3:** I mbun oifige ón 1 Márta 2019.

**Tinreamh:** Níl san áireamh sa tinreamh thuas ach Cruinnithe Boird. Níl cruinnithe coistí mar atá sonraithe thíos san áireamh.

#### An Coiste Meastóireachta

Is coiste reachtí é seo a dhéanann meastóireacht ar thionscadail mhóra agus a chuireann moltaí chuig an mBord. Ní raibh aon chruinniú ag an gcoiste seo le linn 2019. Ar an gcoiste sin ó achtáodh Acht na Gaeltachta, 2012, tá an Cathaoirleach, comhalta boird agus an Príomhfeidhmeannach mar aon le hionadáil an ceann ón Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, ón nGníomhaireacht Forbartha Tionscail (Éire) agus ó Fhiontraíocht Éireann.

## The Board of An tÚdarás

The Board of Údarás na Gaeltachta consists of 12 members, the Chairperson included. The Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media appoints the board members for a period not exceeding five years, five of whom are nominated by local authorities with a Gaeltacht in their functional area. The Board of Údarás na Gaeltachta is responsible for the broad strategies and policies of Údarás na Gaeltachta. The Board approves investments, support schemes and the purchase and sale of assets undertaken by the organisation for the purposes of enterprise development and employment creation, the promotion of the Irish language and culture, and the development of Gaeltacht communities.

### Members of An tÚdarás in 2019:

A total of 10 Board Meetings were held in 2019. The attendance was as follows:

#### Chairperson

Anna Ní Ghallachair	10	(Note 1)
---------------------	----	----------

#### Ordinary Members

John Shéamuis Ó Fearraigh	10	(Note 1)
Mary Uí Chadhain	10	(Note 1)
Debra Ní Shúilleabhbháin	5	(Note 1)
Séamus Walsh	10	(Note 1)
Seán Mac Congamhna	6	(Note 1)
Séamus Mac Gearailt	9	(Note 1)
Ian Mac Aindriú	9	(Note 1)
Eunan Mac Cuinneagáin	10	(Note 1)
Seosamh Ó Laoi	10	(Note 1)
Siobhán Seoighe	10	(Note 1)
Máire Seosaimhín Breathnach	1	(Note 2)
Cathal Seoighe	9	(Note 3)

**Note 1:** In office from 16th January 2018.

**Note 2:** In office from 15th February 2017 to 14th February 2019.

**Note 3:** In office from 1st March 2019.

**Attendance:** The above attendance includes Board Meetings only. Committee meetings as detailed below are not included.

#### Evaluation Committee

This statutory committee evaluates large scale projects and makes recommendations to the Board. No meetings of this committee were held in 2019. Since the enactment of the Gaeltacht Act 2012, membership comprises the Chairperson, one board member and the Chief Executive as well as one representative each from the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media, from the Industrial Development Authority (IDA Ireland) and from Enterprise Ireland.

## An Coiste Iníúchóireachta agus Riosca

De réir An Chód Chleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tá Coiste Iníúchóireachta agus Riosca ag Údarás na Gaeltachta. Scrúdaíonn an coiste seo ráitis airgeadais, cúrsaí rialachais chorparáidigh agus bainistíochta riosca, tuairiscí ón bhfeidhm Iníúchóireachta Inmheánaí agus ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus obair eile a dhéantar i dtaca leis an eagraíocht agus lena cuid fochuideachtaí. Féach thíos liosta de chomhaltaí an Choiste Iníúchóireachta agus Riosca a bhí ag feidhmiú in 2019:

**Ian Mac Aindriú**, Cathaoirleach an Choiste, Gnáthchomhalta d'Údarás na Gaeltachta.

**Anna Ní Ghallachair**, Cathaoirleach Údarás na Gaeltachta.

**Eunan Mac Cuinneagáin**, Gnáthchomhalta d'Údarás na Gaeltachta.

**Mary Uí Chadhain**, Gnáthchomhalta d'Údarás na Gaeltachta.

**Caitlín Ní Ghabháin**, Ball Seachtrach (ceaptha an 25 Iúil 2019).

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iníúchóireachta agus Riosca le linn 2019.

## Audit and Risk Committee

In accordance with the Code of Practice for the Governance of State Bodies, Údarás na Gaeltachta has an Audit and Risk Committee. This committee examines financial statements, corporate governance and risk management matters, reports from the Internal Audit function and from the Comptroller and Auditor General, and other work carried out in relation to the organisation and its subsidiary companies. The functioning members of the Audit and Risk Committee in 2019 were as follows:

**Ian Mac Aindriú**, Committee Chairperson, Ordinary Member of Údarás na Gaeltachta.

**Anna Ní Ghallachair**, Chairperson of Údarás na Gaeltachta.

**Eunan Mac Cuinneagáin**, Ordinary Member of Údarás na Gaeltachta.


**Mary Uí Chadhain**, Ordinary Member of Údarás na Gaeltachta.

**Caitlín Nic Gabháin**, External Committee Member (appointed July 25th 2019).

The Audit and Risk Committee met four times during 2019.



## Struchtúr Bainistíochta/Management Structure




## Forbhreathnú/Overview

FOSTAÍOCHT I DTIONSCADAIL A FUAIR CÚNAMH EMPLOYMENT IN ASSISTED BUSINESSES	2015	2016	2017	2018	2019
<b>Fostaíocht Choibhéiseach Lánaimseartha</b> Full-time Equivalent Employment	7,268	7,348	7,503	7,625	7,844
<b>Fostaíocht Shéasúrach agus Pháirtaimseartha Eile</b> Other Seasonal and Part-time Employment	734	730	747	704	670
TIONSCAIL ENTERPRISES					
<b>Deontais a Ceadaíodh</b> /Grants Approved (€'000)	8,323	4,545	5,465	5,175	6,042
<b>Deontais a Íocadh</b> /Grants Paid (€'000)	2,624	2,762	3,195	3,448	4,161
OIDEACHAS AGUS OILIÚINT GHINEARÁLTA EDUCATION AND GENERAL TRAINING					
<b>Deontais a Ceadaíodh</b> /Grants Approved (€'000)	1,025	837	1,362	1,548	1,430
<b>Deontais a Íocadh</b> /Grants Paid (€'000)	1,132	1,379	1,340	1,272	1,172
CUIDEACHTAÍ LE hINFHEISTÍOCHT SCAIREANNA Ó ÚDARÁS NA GAELTACHTA COMPANIES WITH SHARE INVESTMENTS FROM ÚDARÁS NA GAELTACHTA					
<b>Infheistíochtaí an Údaráis sa Scairchaipiteal</b> Údarás Investment in Share Capital (€'000)	445	1,038	157	300	875
<b>Deontais a Ceadaíodh</b> /Grants Approved (€'000)	2,448	2,165	2,779	2,402	2,403
<b>Deontais a Íocadh</b> /Grants Paid (€'000)	924	854	954	784	1,281
FOIRGNIMH BUILDINGS					
<b>Caiteachas ar Foirgnimh</b> Expenditure on Buildings (€'000)	4,122	8,891	6,342	3,991	7,881
<b>Glansócmhainní Dochta</b> /Net Fixed Assets (€'000)	89,583	84,887	82,863	79,038	80,229
<b>Glansócmhainní Reatha</b> /Net Current Assets (€'000)	1,854	(1,256)	(1,046)	(1,001)	(1,372)
Údarás na Gaeltachta					
<b>Foireann</b> /Staff	79	80	84	88	85
<b>Tuarastail agus Pá</b> /Salaries and Pay (€'000)	5,177	5,315	5,993	6,336	6,318
AIRGEAD A FUARTHAS ÓN STÁT EXCHEQUER FUNDING					
<b>Caiteachas Reatha</b> /Current Expenditure (€'000)	8,798	8,823	8,958	9,637	9,442
<b>Tionscnaíocht Chultúrtha agus Pobail</b> Cultural and Community Promotion (€'000)	3,000	3,000	3,250	3,350	3,850
<b>Deontais do Thionscaill agus Caiteachas Caipitil</b> Grants to Industry and Capital Expenditure (€'000)	6,687	9,078	8,957	7,638	9,700

## Forbhreathnú/Overview


### Fostaíocht de réir earnála

Employment by sector




### Deontais a ceadaíodh in 2019 de réir earnála

Grants approved in 2019 by sector



### Méaduithe fostáochta in 2019 de réir earnáil

Increases in employment in 2019 by sector



Acmhainní Nádúrtha	662
Bia	1,350
Déantúsaíocht	1,910
Éadach/Teicstíl	344
Innealtóireacht	747
Seirbhísí	2,831
<b>Iomlán/Total</b>	<b>7,844</b>

Acmhainní Nádúrtha	€237,971
Bia	€923,754
Déantúsaíocht	€1,981,092
Éadach/Teicstíl	€51,453
Innealtóireacht	€2,165,224
Seirbhísí	€3,115,135
<b>Iomlán/Total</b>	<b>€8,474,629</b>

\*Oideachas & Oiliúint      €1,430,000

<b>Iomlán/Total</b>	<b>€9,904,629</b>
---------------------	-------------------

Acmhainní Nadúrtha	28
Bia	(11)
Déantúsaíocht	34
Éadach/Teicstíl	10
Innealtóireacht	15
Seirbhísí	143
<b>Iomlán/Total</b>	<b>219</b>

## GLUAIS/GLOSSARY

Acmhainní Nádúrtha / Natural Resources  
 Bia / Food  
 Déantúsaíocht / Manufacturing

Éadach/Teicstíl / Clothing / Textiles  
 Seirbhísí Innealtóireachta / Engineering Services  
 Oideachas & Oiliúint / Education & Training

\*Níl deontais a cheadaítear do ghníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna ginearálta bunaithe ar earnálacha.

\*Aid approved for education and general training activities is not sector based.

## Foinsí Fáis na Fostaíochta 2015 – 2019

Sources of Employment Growth 2015 – 2019

Bliain	Bonn Fostaíochta	Poist Nua i dTionscadail atá ann cheana	Poist Nua Cruthaithe trí Thionscadail Nua	Iomlán na bPost Nua Cruthaithe
Year	Employment Base	New Jobs Created in Established Businesses	New Jobs Created in New Businesses	Total New Jobs Created
<b>2015</b>	7,268	437 (82%)	96 (18%)	533 (100%)
<b>2016</b>	7,348	424 (76%)	135 (24%)	559 (100%)
<b>2017</b>	7,503	567 (90%)	63 (10%)	630 (100%)
<b>2018</b>	7,625	453 (77%)	136 (23%)	589 (100%)
<b>2019</b>	7,844	485 (82%)	108 (18%)	593 (100%)



Údarás na  
Gaeltachta



## Ráiteas an Chathaoirligh Chairperson's Statement



## Ráiteas an Chathaoirligh

Is ábhar dóchais é do Bhord Údarás na Gaeltachta go léiríonn figiúirí fostáiochta 2019 go bhfuil an lín is mó daoine fostaithe i gcliantchomhlachtaí de chuid Údarás na Gaeltachta le haon bliain déag anuas. Tá an síol á chur chun tógáil air sin le gréasán mhoil dhigiteacha gteic, a chuireann an t-infraestructúr ar fáil don chéad ghlúin eile lena gcuid smaointe féin a fhorbairt mar ghnóthai. Chonacthas forbairt mhór le bliain anuas fostá ar an phleanáil teanga agus tionchar dearfach na hoibre sin le sonrú anois ar fud na Gaeltachta. Tá 11 Oifigeach Pleanála Teanga fostaithe, chomh maith le beirt Oifigeach Cúnta agus ceadaíodh pleananna teanga do 16 Limistéar Pleanála Teanga le buiséad de €2.2 milliún d'fheidhmiú na bpleananna sin.

Tacaíonn na gnéithe seo ar fad le misean Údarás na Gaeltachta pobal agus geilleagar fuinniúil, rathúil agus inbhuanaithe Gaeltachta a fhorbairt agus, dá bhrí sin, an Ghaeilge mar phríomhtheanga phobal na Gaeltachta a neartú agus a bhuanú.

### Cúrsaí fostáiochta sa Ghaeltacht in 2019

Cruthaíodh 593 post nua lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta in 2019, glanmhéadú de 219 post lánaimseartha ar an mblian roimhe. Dá bhrí sin, bhí 7,844 post lánaimseartha agus 523 post páirtaimseartha i gcomhlachtaí a fuair tacáiocht ón Údarás ag deireadh na bliana. Tháinig ardú leanúnach

bliantúil ar an mbonn fostáiochta sa Ghaeltacht le seacht mbliana anuas agus comhlachtaí Gaeltachta ag cur lena gcuid seasmhachta. Tá tionchar suntasach eacnamaíoch ag cliantchomhlachtaí an Údarás ar gheilleagar na Gaeltachta agus na tíre agus tá luach maith á fháil ar infheistíocht an Stáit i gcruthú fostáiochta sa Ghaeltacht.

Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta lín tograí nua i rith 2019 ina gcruthófar 480 post agus ina ndéanfar infheistíocht ionlán mheasta de €33 milliún de réir mar a dhéantar forbairt orthu sna blianta beaga amach romhainn. Is sna hearnálacha táirgí sláinte, bia, seirbhísí agus saindéantusaíochta is mó a bheidh an fhorbairt.



## Chairperson's Statement

The Board of Údarás na Gaeltachta is very encouraged by the 2019 figures, which indicate the highest level of employment in Údarás na Gaeltachta client companies in the past eleven years. We are building on this achievement with the introduction of the gteic digital hub network, providing the next generation of entrepreneurs with the infrastructure required to develop their ideas as businesses. Significant progress has also been made in the language planning process in the Gaeltacht, with 11 Language Planning Officers and two Assistant Officers now employed and language plans approved for 16 Language Planning Areas, with a budget of €2.2 million.

All of these developments directly support Údarás na Gaeltachta's mission to develop a community and economy that is vibrant, prosperous and sustainable, thus ensuring the preservation and invigoration of Irish as a living language.

### Employment in the Gaeltacht in 2019

A total of 593 new full-time jobs were created in Údarás na Gaeltachta client companies in 2019, a net increase of 219 full-time jobs on the previous year, resulting in a total of 7,844 full-time jobs and 523 part-time jobs in Údarás-assisted companies at year end. Over the past seven years employment has continued to increase annually as Gaeltacht companies stabilise. Údarás na Gaeltachta client

companies have a significant impact both on the economy of the Gaeltacht and the country at large and it is clear that State investment in employment creation in the Gaeltacht generates good value for money.

The Board of Údarás na Gaeltachta approved a number of new projects during 2019 which will create a further 480 jobs, with an estimated total investment of €33 million as

Cé go léiríonn figíúirí seasmhacht fostáiochta agus post, tá neamhchinnteacht ann maidir le cúrsái Breatimeachta. D'fhéadfadh blianta corracha éiginnte a bheith roimh chomhlachtaí Gaeltachta a bhíonn ag brath ar mhargáil, ar tháirgí agus ar ábhair ón Ríocht Aontaithe. Leanfar leis an tacaíocht agus comhairle atá á cur ar fáil do chlaintchomhlachtaí a mbeidh tionchar aige orthu.

Tá sé níos tábhacthaí ná riamh infheistíocht straitéiseach agus chuí a dhéanamh in infreastruchtúr na Gaeltachta chomh maith le hinfreastruchtúr an Údarás féin chun gur féidir an leas is mó don Ghaeltacht a bhaint as deiseanna gnó a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an mBreatimeacht. Creideann an tÚdarás go bhfuil deiseanna suntasacha anseo do na ceantair Ghaeltachta ar fad, ach na hacmhainní cuí a bheith ar fáil chun straitéis na heagraíochta a chur i bhfeidhm ina hiomláine.

Déanann an Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh tagairt do bhainistiú togra caipítíl ar mhaoin de chuid an Údarás i gContae na Mí agus céimeanna chun dul i ngleic leis na laigí agus na heasnaimh a léirigh an togra seo. Tá clár leathan gníomhartha curtha i bhfeidhm chun a chinntí go bhfuiltear ag cloí leis an dea-chleachtas i dtaca le measúnú ar thograí, bainistiú caiteachais agus riachtanais soláthar poiblí.

### **gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta**

Le linn 2019 dhúbail líon na n-ionad gteic, áit a gcuirtear an-deis ar fáil do chomhlachtaí nuálacha atá ag tosú amach

nó atá ag iarraidh bonn a chur faoin ngnó. Tá ocht mol digiteach ag feidhmiúanois i gcúig chontae Gaeltachta, agus 193 duine ag obair iontu. Go dtí seo, tá infheistíocht os cionn €5 milliún déanta sa ghréasán gteic, agus súil san am atá le theacht clár forbartha oiliúna a chur ar fáil do bhainisteoirí agus úsáideoirí na n-ionad gteic.

### **Fócas do 2020**

Agus Údarás na Gaeltachta ag tabhairt aghaidh ar chloch mhíle shuntasach an dá scór bliain in 2020, tá an eagraíocht ag breathnú chun cinn go straitéiseach i gcomhthéacs na n-athruithe móra atá tagtha ar shochaí agus ar eacnamafocht na Gaeltachta agus an domhain mhóir go deimhin, i gcaitheamh an ama sin.

Tá ról an Údarás in 2020 i bhfad níos leithne ná mar a bhí nuair a bunaíodh an eagraíocht in 1980, agus cúramí pleána teanga, forbartha pobail agus go leor eile sa bhreis ar an dá ghné ba mhó a athnóidh leis an Údarás nuair a bunaíodh i dtosach é: fostáiocht agus maoín.

Ag breathnú chun cinn ar an gcéad 40 bliain eile atá amach roimh Údarás na Gaeltachta, tá agus beidh nuálaíocht agus inmharrthanacht fite fuaite i ngach a ndéanann muid. Tá sé seo le feiceáil cheana féin sna bunchlocha atá leagtha againn inár gcur chuige i leith phleanáil teanga, fionraíocht, turasóireacht, cursáí mara, fuinneamh in-athnuaithe agus forbairt pobail. Beidh sé le feiceáil níos soiléire fós in 2020 agus muid ag tógáil ar an

the projects develop over the coming years in the medical devices, food, services and niche manufacturing sectors.

Although employment and job figures remain stable there is still uncertainty in relation to Brexit. Gaeltacht companies who depend on UK markets, products and materials may be facing challenging years ahead. The support and mentoring that is being provided to affected client companies will continue. Strategic and adequate investment in Gaeltacht infrastructure and in the infrastructure of Údarás na Gaeltachta itself is now more important than ever, in order that potential business opportunities, which could arise as a result of Brexit, may be fully exploited for the benefit of the Gaeltacht. An tÚdarás believes that there are substantial opportunities for all Gaeltacht areas if the appropriate resources are available to implement the organisation's strategy in full.

The Statement on Internal Control makes reference to the management of a capital project on an Údarás property in County Meath and actions to deal with lacunae and weaknesses identified by this project. A comprehensive suite of measures has been put in place to ensure that best practice is adhered to in project evaluations, management of expenditure and public procurement requirements.

### **gteic – the Gaeltacht Digital Network**

2019 saw the number of gteic digital hubs double. These provide a wonderful opportunity for innovative companies who are starting out or who wish to stabilise

their business. There are now 8 digital hubs operating in 5 Gaeltacht areas, with 193 people working there, thanks to a €5 million investment. Plans are in development to provide a training programme for managers and users of the gteic hubs.

### **Outlook for 2020**

With Údarás na Gaeltachta celebrating its 40-year anniversary in 2020, the organisation is mindful of the significant economic and societal changes at both Gaeltacht and international level in recent years, as it looks strategically towards the future. Údarás na Gaeltachta's remit in 2020 is considerably broader than it was when it was established in 1980, with language planning, community development and other responsibilities added to the two areas the organisation was initially tasked with: employment and commercial property. Looking towards the next 40 years, Údarás na Gaeltachta is clear that innovation and sustainability are, and will continue to be, at the core of all that we do. This is already evident in relation to language planning, entrepreneurship, tourism, the marine sector, renewable energy and community development. It will come into sharper focus in 2020 as we build on achievements in areas such as marine innovation in Páirc na Mara, the social economy, the creative industry, the gteic network and the Irish language.

méid atá bainte amach i leith réimsí ar nós Páirc na Mara, an eacnamaíocht shóisialta, an earnáil chruthaitheach, an gréasán gteic agus i gcothú agus cur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht.

### Buiochas

Ba mhaith liom buiochas a ghlacadh le comhaltaí Bhord Údarás na Gaeltachta as a ndúthracht, a gcomhoibriú agus a gcuid tacáiochta i rith 2019. Tá mé faoi chomaoin ag foireann an Údarás chomh maith as a bhffs, a bhfuinneamh agus a dtiomantas san obair dhúshlánach seo a bhaineann le forbairt chomhtháite na Gaeltachta.

Ar deireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacafocht a thugann Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile dúinn: an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (Éire), Fiontraíocht Éireann, Bord Bia, Bord Iascaigh Mhara, SOLAS. Tá muid fiorbhuioch as an tacaíocht a thugann siad dúinn agus ár gcláir forbartha á gcur i bhfeidhm againn.



**Anna Ní Ghallachair**

Cathaoirleach



### Acknowledgements

I would like to thank my fellow members of the Board of Údarás na Gaeltachta for their continuous commitment, cooperation and support during 2019. I am also grateful to the staff of Údarás na Gaeltachta for their vision, energy and commitment to the challenging work associated with the integrated development of the Gaeltacht.

Finally, I wish to acknowledge the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media, the Department of Community and Rural Development, the Department of Employment Affairs and Social Protection, IDA Ireland, Enterprise Ireland, Bord Bia, Bord Iascaigh Mhara and SOLAS for their support as we pursue our development programmes.



**Anna Ní Ghallachair**

Chairperson





# Údarás na Gaeltachta



# Athbhreithniú ar 2019: Forbairt Fiontraíochta

## Review of 2019: Enterprise Development



## Forbairt Fiontraíochta

Tugann Údarás na Gaeltachta faoi réimse leathan gníomhaíochtaí fiontraíochta agus forbarrthá chun a fheidhmeanna i dtaca le cruthú agus caomhnú fostáiochta sa nGaeltacht a bhaint amach. Tá na fiontair a fhaigheann tacaíocht ag feidhmiú in earnálacha ar nós eolaíochtaí beatha (bitheleighis agus cógaisfocht), teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, saindéantúsaíocht (earraí innealtóireachta agus tomhaltais), closamhairc agus na meáin dhigiteacha, turasóireacht, fiontair mhara agus fiontair theangabhunaithe.

Cruthaíodh 593 post nua lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta in 2019, glanmhéadú de 219 post lánaimseartha ar an mblían roimhe. Dá bhrí sin, bhí 7,844 post lánaimseartha agus 523 post páirtaimseartha i gcomhlachtaí a fuair tacaíocht ón Údarás ag deireadh na bliana.

### Fostaíocht sa nGaeltacht

Tá méadú leanúnach tagtha ar chúrsaí fostáiochta i gcomhlachtaí Gaeltachta a fhaigheann tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta le seacht mblíana anuas, agus ardú 12% tagtha ar an bhfostaíocht iomlán sa tréimhse sin. Is díol suntais é go bhfuil figiúirí fostáiochta i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachtaanois ag an leibhéal is airde le 11 bliain. Ina theannta sin, tá an leibhéal fostáiochta i nGaeltacht na Gaillimhe agus i nGaeltacht Phort Láirge

ag an leibhéal is airde ó bunaíodh Údarás na Gaeltachta in 1980. Tá an leibhéal fostáiochta i nGaeltacht Dhún na nGall ag an leibhéal is airde ó 2008.

Is sna hearnálacha Seirbhísí agus Bia & Dí mar aon le Déantúsaíocht a bhí an t-ardú is mó fostáiochta i rith na bliana.

Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta lón tograí nua ina gcruthófar 480 post agus ina ndéanfar infheistíocht iomlán mheasta de €33 milliún de réir mar a dhéantar forbairt orthu sna blianta beaga seo amach romhainn. Is do thograí i gContaetha Dhún na nGall, na Gaillimhe, Chorcaí agus Mhaigh Eo is mó ar ceadaíodh poist i rith 2019 sna hearnálacha táirgí sláinte, bia, seirbhísí agus saindéantúsaíochta go príomha.

### Tionchar eacnamaíoch chliantchomhlachtaí an Údarás

De réir taighde ABSEI<sup>1</sup> in 2019, meastar go raibh díolachán iomlán de €844m ag na cliantchomhlachtaí an bhliain roimhe sin chomh maith le caiteachas díreach de €430m i ngeilleagar na hÉireann. Rinne cliantchomhlachtaí an Údarás, a bhfuil deichniúr nó níos mó fostaithe iontu, caiteachas €189 milliún ar phárola agus €89 milliún, nó 62.3% den chaiteachas iomlán, ar sheirbhísí lonnaithe in Éirinn. Is ionann é sin, de réir fhigiúirí ABSEI 2019, agus ardú 10% ar an gcaiteachas ar sheirbhísí lonnaithe in Éirinn le hais 2017. Cúrsaí easpórtala a bhí i gceist le €499

## Enterprise Development

Údarás na Gaeltachta undertakes a wide range of enterprise and development activities in order to fulfil its functions in relation to the creation and maintenance of employment in the Gaeltacht. The enterprises supported operate in sectors such as life sciences (biomedical and pharmaceutical), information and communications technology, niche manufacturing (engineering and consumer goods), audio-visual and digital media, tourism, marine and language-based enterprises.

A total of 593 new full-time jobs were created in Údarás na Gaeltachta client companies in 2019, a net gain of 219 jobs on the previous year. Therefore, at year end, total employment in Údarás-supported companies stood at 7,844 full-time jobs and 523 part-time jobs.

### Employment in the Gaeltacht

Over the past seven years, there has been a consistent increase in employment in Gaeltacht companies who received support from Údarás na Gaeltachta, with a 12% increase in total employment during that period. It is worth noting that employment figures in Údarás na Gaeltachta supported client companies are now at their highest level in 11 years. The Galway and Waterford Gaeltacht areas saw the highest increase in employment since the foundation of Údarás na Gaeltachta in 1980. The Donegal Gaeltacht reported its highest levels of employment since 2008.

The largest increases in employment during 2019 were evident in the Services, Food and Drinks and Manufacturing sectors.

The Board of Údarás na Gaeltachta approved a number of new projects which will create 480 jobs, with an estimated total investment of €33 million as the projects develop over the next few years. The majority of job approvals during 2019 were for projects in counties Donegal, Galway, Cork and Mayo. Approvals were particularly strong in companies in the medical devices, food, services and niche manufacturing sectors.

### Economic impact of Údarás na Gaeltachta client companies

Based on ABSEI<sup>1</sup> research conducted in 2019, client companies generated total sales of €844m in the previous year as well as a direct expenditure in the Irish economy of €430m. Údarás na Gaeltachta client companies, with ten or more employees, spent €189m on payroll and €89m, or 62.3% of the total expenditure, on services based in Ireland. This, according to ABSEI 2019 figures, equates to a 10% increase on expenditure on Irish-based services compared to 2017. Some €499m of sales consisted of exports, with a significant increase in exports to Asia and a modest increase in exports to the United Kingdom.

milliún den díolachán iomlán agus tháinig méadú suntasach ar líon na n-easpórtálacha chuig an Áise agus méadú beag ar líon na n-easpórtálacha chuig an Ríocht Aontaithe.

### Dúshláin an Bhreatimeachta

Agus cúrsaí Breatimeachta fós gan réiteach ag deireadh 2019, tá éiginnteacht go fóill faoin tionchar a bheidh ag cibé socrú trádála a bheidh idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach.

I gcomhthéacs na héiginnteachta seo, lean Údarás na Gaeltachta ag ullmhú agus ag tacú le cliantchomhlachtaí maidir leis an mBreatimeacht, le cruinnithe leanúnacha leo le trí bliana anuas. Tá go leor oibre déanta ag na cliantchomhlachtaí maidir le straitéisí nua seo a fhorbairt agus chuir an tÚdarás tacaíocht ar fáil dóibh ó thaobh deontais agus comhairleoireachta de. D'eagraigh an tÚdarás seimineáir ghnó le linn na bliana le béim faoi leith ar na scileanna agus ar an saineolas atá ag teastáil ó lucht bainistíochta na gcliantchomhlachtaí le feidhmiú i rith thréimhse éiginnteachta an Bhreatimeachta.

Léiríonn taighde le ABSEI, a rinneadh in 2019, gur easpórtáil cliantchomhlachtaí de chuid an Údaráis €499

<sup>1</sup>Foinse: ABSEI (Tuarascáil um Shuirbhé Blantúil Gnó ar Thionchar Eacnamaíoch) is déanaí. Rinne an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta an suirbhé ABSEI in 2019 ar gach gníomhaireacht forbartha.

milliún den €844 milliún díolachán a baineadh amach in 2018, agus gur tháinig méadú suntasach ar líon na n-easpórtálacha chuig an Áise agus méadú beag ar líon na n-easpórtálacha chuig an Ríocht Aontaithe.

### Tográí Eorpacha

D'éirigh le hÚdarás na Gaeltachta maioniú ar fiú €2.38 milliún a aimsiú ó chistí Eorpacha chun cabhrú leis an eagraíocht a straitéis forbartha agus infheistíochta a chur i bhfeidhm.

Beidh na tográí Eorpacha seo, atá á gcómhaoiniú ag INTERREG agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, fíorthairbheach do cheantair na Gaeltachta agus cuirfidh siad tacaíocht ar fáil do na pobail iontu maidir le cúrsaí fuinnimh in-athnuaithe, athrú aeráide, acmhainn bia mara agus acmhainní fuinnimh. Tá na tográí Eorpacha LECo, RegEnergy agus REACT ag plé le fuinnimh in-athnuaithe. Baineann SAFER, Access2Sea, SW-GROW agus EMPORIA4KT le tográí breislúacha mara agus an geilleagar gorm. An aidhm atá le togra Digi2Market ná úsáid a bhaint as teicneolaíochta thumthach le caoga comhlacht trasna na páirtíochta chun cuidiú leo a gcuid margáiochta



### Brexit Challenges and International Policies

With the final Brexit outcome still unclear at the end of 2019, uncertainties continue regarding the impact of whatever trade agreement is concluded between the United Kingdom and the European Union.

In light of these uncertainties, Údarás na Gaeltachta has continued to prepare and support its client companies in relation to Brexit, with regular meetings ongoing over the past three years. Client companies have invested

considerable work in developing new strategies and Údarás has provided support in the form of grants and consultancy. Údarás organised a series of business seminars throughout 2019, placing particular emphasis on the skills and expertise essential for client companies' management teams during these uncertain Brexit times.

ABSEI research carried out in 2019 shows that Údarás supported client companies exported €499 million of total sales of €844 million in 2018 and that exports to Asia have

<sup>1</sup>Source: Latest ABSEI (Annual Business Survey of Economic Impact) Report. The ABSEI survey was carried out in 2019 by the Department of Jobs, Enterprise and Innovation across all development agencies.

agus díolacháin a fhorbairt taobh amuigh dá réigiún féin. Tá Erasmus+ thírithe ar thíortha dátheangacha agus ar mhúineadh na mionteangacha sna tíortha sin.

### Maoiniú Stáit

Tá infheistíocht Stáit thart ar €23.4 milliún i gceist leis an gcúnamh a cheadaigh an tÚdarás in 2019 do thionscadail fostáiochta agus forbartha, d'oideachas agus oiliúint, agus i leith infreastruchtúir.

### Costas in Aghaidh an Phoist

Bhí costas deontais de €6,478 in aghaidh an phoist in 2019 agus bhí meánchostas de €5,762 in aghaidh an phoist i gceist thar na cúig bliana seo caite. Léiríonn an costas in aghaidh an phoist an caiteachas deontais ar chaipiteal, ar fhostaíocht, ar thaighde agus forbairt agus ar oiliúint shainiúil a íocatar le cliantchomhlachtaí ach ní áiríonn sé deontais EMFF (An Ciste Eorpach Muirí agus lascaigh) ná Taighde/Forbartha/Nuálaíochta. Ní áirítear caiteachas

eile i leith oiliúna ná oideachais mar ní ceangal díreach idir mórchuid an chaiteachais ar na cláir oideachais tríu leibhéal agus foghlama fadsaoil atá á maoiniú agus cláir chruthaithe fostáiochta na bliana reatha.

### Taighde agus Forbairt

In 2019 ceadaíodh €837,659 i ndeontais dírithe ar thaighde agus forbairt agus ar fhorbairt scileanna taighde margáiochta. Tá an tÚdarás, i gcomhar le Fiontraíocht Éireann, tiomanta do chomhoibriú le comhlachtaí tríd an scéim náisiúnta Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta (T&F&N) a fheidhmiú chun an bonn taighde agus nuálaíochta in earnáil na fiontraíochta a neartú.

### gteic - Gréasán Digiteach na Gaeltachta

Tháinig dúbailt in 2019 ar an líon ionad gteic a bhí oscailte faoi dheireadh na bliana. Tá ocht mol digiteach ag feidhmiú anois i gcúig chontae Gaeltachta, agus 193 duine ag obair iontu.



seen a significant increase, while exports to the United Kingdom have enjoyed a smaller increase.

### European Projects

Údarás na Gaeltachta secured €2.38 million of funding from European funds to support the organisation in implementing its development and investment strategy.

These projects, which are co-funded by INTERREG and the European Regional Development Fund, will be very beneficial to Gaeltacht areas and serve to inform the community on matters regarding renewable energy, climate change, seafood resources and energy resources. The European projects LECO, RegEnergy and REACT relate to renewable energies. SAFER, Acces2Sea, SW-GROW and EMPORIA4KT relate to value-added marine and blue economy projects. The objective of the Digi2Market project is to utilise immersive technologies in fifty companies across the partnership to enable them to develop their marketing and sales projects outside of their

respective regions. Erasmus+ focuses on bilingual countries and on teaching lesser-used languages in those countries.

### State Funding

Grant assistance and capital expenditure approved by An tÚdarás in 2019 for employment creation and other development projects, for education and training, and for infrastructure involved an overall State investment of circa €23.4 million.

### Cost per Job

The grant cost per job for 2019 was €6,478 and the average cost per job over the past five years was €5,762. The cost per job reflects grant payments towards capital, employment, research and development and specific training paid to client companies but excludes EMFF (European Maritime and Fisheries Fund) and Research/Development/Innovation funding. Other expenditure on training and education is excluded as there is no direct link

Gaoth Dobhair i gContae Dhún na nGall,  
Béal an Mhuirthead i gContae Mhaigh Eo  
Carna, An Cheathrú Rua, Na Forbacha agus an Spidéal i  
gContae na Gaillimhe  
Béal Átha an Ghaorthaidh i gContae Chorcaí  
Daingean Uí Chúis (Mol Teic/Dingle Hub) i gContae  
Chiarraí

Eatarthu, tá breis agus 250 spás deisce forbartha, le  
500 spás deisce le bheith ar fáil in 2020. Go dtí seo, tá  
infheistiocht de bhereis agus €5 milliún déanta sa ghréasán  
gteic, agus aghaidh á thabhairt ar thodhchaí an ghréasáin  
trí chlár forbartha oiliúna a chur ar fáil do bhainisteoirí agus  
úsáideoirí na n-ionad gteic.

### **Punann Maoine**

Tá punann leathan maoine le hachar os cionn 0.25 milliún  
méadar cearnach faoi dhíon á bhainistiú ag Údarás na  
Gaeltachta i seacht gcontae éagsúla. Déanann an tÚdarás  
bainistiú ar bhunachar talún ina bhfuil réimse talaimh  
foraoise agus portaigh ar fud na Gaeltachta chomh maith.

Lean Údarás na Gaeltachta le líon infheistiochtaí  
straitéisearcha caipil le linn 2019 chun roinnt den phunann  
maoine a thabhairt chuig na caighdeáin a theastaíonn  
chun tionscnamh agus fostáiocht nua a mhealladh amach  
anseo. Teastaíonn infheistiocht mhór chaipil a dhéanamh  
chun na foirgnimh thionsclaíochta seo a thabhairt chuig  
an gcaighdeán atá de dhíth d'fhiontair nua-aimseartha an  
lae inniu. Lena chois sin, táimid ag uasghrádú roinnt córas

between a substantial proportion of the expenditure on  
third level education courses and lifelong learning support  
schemes and the current year job creation programmes.

### **Research and Development**

In 2019, some €837,659 was approved in grants for  
research and development and for the development of  
market research skills. An tÚdarás, in cooperation with  
Enterprise Ireland, is committed to working with companies  
through the national Research and Development and  
Innovation (R&D&I) scheme to strengthen the research and  
innovation base of the enterprise sector.

### **gteic - Gréasán Digiteach na Gaeltachta**

2019 saw the number of gteic digital hubs double by year  
end. There are now eight digital hubs operating in five  
Gaeltacht counties, hosting 193 workers based in them.

Gaoth Dobhair in Co. Donegal  
Béal an Mhuirthead in Co. Mayo  
Carna, An Cheathrú Rua, Na Forbacha and An Spidéal in  
Co. Galway  
Béal Átha an Ghaorthaidh in Co. Cork  
Daingean Uí Chúis (Mol Teic/Dingle Hub) in Co. Kerry

Between them, there are more than 250 desk spaces  
available, with 500 desk spaces to be in place in 2020.  
An investment of over €5 million has been made in the  
gteic network to date, and Údarás are seeking to develop

cóireála fuíolluisce chun cloí le riachtanais diana an AE agus  
cuirfidh an t-uasghrádú seo deis ar fáil dúinn an costas  
oibríochta sna háiseanna seo a íslíú.

### **An Fóram Fiontraíochta do Ghaeltacht na Mí**

Bunaíodh an Fóram Fiontraíochta do Ghaeltacht na Mí mar  
ghruápa gníomhaíochta fiontraíochta chun Ráth Chairn/  
Baile Ghib, ceantar Gaeltachta atá gar do Bhaile Átha  
Cliath, a fhorbairt mar cheantar iomaíoch den scoth maidir  
le cruthú fostáiochta. Sheol Príomh-Aoire an Rialtais agus  
an tAire Stáit don Ghaeilge, don Ghaeltacht agus do na  
hOileáin, Séan Kyne TD., Tuairisc Fhóram Fiontraíochta na  
Mí ag túis mhí na Nollag 2019. An sprioc atá ag an tuairisc  
ná aird a dhíriú ar chreatlach a fhorbairt chun Ráth Chairn/  
Baile Ghib a thógáil agus a fhorbairt mar réigiún iomaíoch  
agus rathúil do chruthú post.

### **Tascfhórsa Idirghníomhaireachta Uíbh Ráthairgh**

Sheol Príomh-Aoire an Rialtais agus an tAire Stáit don  
Ghæilge, don Ghaeltacht agus do na hOileáin, Séan Kyne  
TD. Plean Gníomhaíochta Uíbh Ráthairgh go hoifigiúil  
ar an 22 Iúil 2019. Ba é seo toradh saothair bhaill de  
chuid an Tascfhórsa, eagras treas-earnálach a bunaíodh  
i Meán Fómhair 2017 faoi chathaoirleacht Údarás na  
Gaeltachta, chun síniú ar na dúshláin shocheacnamaíochta  
agus daonra i gceantar Gaeltachta Uíbh Ráthairgh agus a  
chomharsanacht.

the gteic network further by providing a developmental  
training programme for both gteic managers and users.

### **Property Portfolio**

Údarás na Gaeltachta owns and manages a dynamic  
property portfolio encompassing over 0.25 million m<sup>2</sup>  
of floor space in seven counties. Údarás also manages a  
significant land portfolio, containing industrial sites, forests  
and bogland throughout the Gaeltacht regions.

An tÚdarás continued with a number of strategic capital  
investments in infrastructural facilities during 2019 in  
order to bring parts of the property portfolio up to the  
standards required to assist in attracting new projects and  
employment in the future. On-going capital investment  
is required to a large number of our industrial buildings  
to bring them up the standards, as well as meeting the  
expectations of today's modern enterprises. In addition,  
we are upgrading a number of our wastewater treatment  
systems to meet more stringent EU requirements and this  
upgrading is providing us with an opportunity to reduce  
our operational costs on these facilities.

### **Enterprise Forum for the Meath Gaeltacht**

The Enterprise Forum for the Meath Gaeltacht was  
established as an enterprise action group to attract a  
greater focus to Ráth Chairn/Baile Ghib, a Gaeltacht area  
close to Dublin, as an excellent location for employment  
creation. Government Chief Whip and Minister of State

Le linn na bliana, ceadaíodh deontas €174,351 d'Údarás na Gaeltachta tríd an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithé chun Bainistoir Tionscnaimh a cheapadh agus costais eile ghaolmhara a chlúdach.

Agus obair an Tascfhórsa ag bogadh ó chéim phleanála go céim chur i bhfeidhm, bunaíodh coiste stiúrtha de réir an mhúnla a bhí leagtha amach sa bPlean Gníomhaíochta féin. Tá fiche eagrás páirteach sa ngrúpa seo agus é ag feidhmiú faoi chathaoirleacht Údarás na Gaeltachta.

### **Branda – Gaeltacht na hÉireann**

Tá Branda na Gaeltachta forbartha chun gur féidir ceantair Ghaeltachta na tíre agus a dtáirgí a chur chun cinn ar fud an domhain faoi aon bhratach amháin. Cuireadh pacáistí margáiochta le chéile i 2019 a dhéanann cur síos ar an mbranda agus ar an bhfiúntas a bhaineann leis, chomh

maith le samplaí den chaoi ar féidir leas a bhaint as an mbranda ar tháirgí, ar ábhar bolscaireachta agus ar na meáin shóisialta. Tá an branda in úsáid ag fochuideachtaí an Údarás agus ag eagras phobalbhunaithe, agus tá méadú ag teacht ar an líon cliantchomhlacthaí atá ag baint leasa as.

### **Páirc na Mara**

Rinne Údarás na Gaeltachta dul chun cinn suntasach i dtaobh an phróisis phleanála do Pháirc na Mara in 2019. Foilsíodh Tuarascáil Scóipe maidir leis na Measúnaithe Tionchar Timpeallachta chun deis a thabhairt don phobal an tuarascáil a scrúdú agus tuairimí a thabhairt maidir leis an méid atá beartaithe. Is é an Tuarascáil Scóipe an chéad chéim in ullmhú na Tuarascála ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta a bheidh mar chuid lárnach den iarratas pleanála don togra. Tá sé i gceist anois go mbeidh iarratas ar phleanáil déanta roimh dheireadh an chéad ráithe de 2020. Go dáta, tá 26 léiriú spéise faigthe ón earnáil phríobháideach maidir le tograí a lonnú ar Pháirc na Mara, i réimsí ar nós táirgí cógaisfocha, fuinneamh agus innealtóireacht, táirgí feamainne agus micreá-algaí.

### **Turasóireacht**

D'fhogair an tAire Forbartha Tuaithé agus Pobail maoiniú caipítil de €1.87m d'Údarás na Gaeltachta chun mol suntasach turasóireachta Áras Scéalta an Atlantaigh a fhobairt mar phríomhionad treoraithe ag cuairteoirí ar Leithinis lorrais i nGaeltacht Mhaigh Eo Thuaidh, áit a bhfaighidh siad gach eolas ar oidhreacht nádúrtha agus

focusing on the socio-economic and population challenges in the Uíbh Ráthach Gaeltacht and surrounding areas.

During the year, grant-aid of €174,351 for Údarás na Gaeltachta was approved through the Rural Regeneration and Development Fund to appoint a Project Manager and cover associated costs.

As the work of the Taskforce proceeded from planning to implementation stage, a steering committee was established according to the model laid out in the Action plan itself. Twenty organisations are involved in the group under the chairmanship of Údarás na Gaeltachta.

### **The Gaeltacht na hÉireann Brand**

The Gaeltacht na hÉireann brand was developed to promote Gaeltacht regions and their products under one flagship brand on a global scale. In 2019, marketing packs were created explaining the brand and its worth, as well as providing examples of how it can be used as a brand for products, as a marketing tool and on social media. The brand is being used by Údarás subsidiaries and community-based agencies and the number of client companies using the brand is increasing.

### **Páirc na Mara**

